

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14650/26

SOC 674
COH 165
ENER 664
EMPL 390
ENV 1255
ECOFIN 1332

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Moladh ón gComhairle maidir le heisiamh tithíochta a chomhrac, lena n-áirítear an easpa dídine

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Moladh ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcrúinniú a bhí aici an 19 Deireadh Fómhair 2026.

2026/0105 (NLE)

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an eisiamh tithíochta a chomhrac, lena n-áirítear easpa dídine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (j), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, déanfaidh an tAontas an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta a chur chun cinn. De bhun Airteagal 151 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is iad is cuspóirí don Aontas agus do na Ballstáit, i measc cuspóirí eile, cur chun cinn na fostaíochta, dálaí feabhsaithe maireachtála agus oibre, na cosanta cuí sóisialta, agus chomhrac an eisiaimh.
- (2) In Airteagal 34 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leagtar amach an t-aitheantas agus an urraim don cheart chun cúnaimh shóisialta agus tithíochta chun caighdeán maireachtála cuibhiúil a áirithiú dóibh siúd uile nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

- (3) Le hAirteagal 31 de Chairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe)¹, dearbhaítear gealltanais na bpáirtithe uile rochtain ar thithíocht ar chaighdeán leormhaith a chur chun cinn chun an easpa dídine a chosc agus a laghdú d'fhonn deireadh a chur léi de réir a chéile agus praghas na tithíochta a dhéanamh inrochtana dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu.
- (4) I mí na Samhna 2017, d'fhógair Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta². Luaitear i bPrionsabal 19 go gcuirfear rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta ar ardchaighdeán agus cosaint ar dhíshealbhú éigeantais ar fáil dóibh siúd atá i ngátar. Luaitear ann freisin go gcuirfear dídean agus seirbhísí leormhaithe ar fáil do dhaoine gan dídean chun a gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn.
- (5) I gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh, le Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí³, iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú, i measc nithe eile, go mbeidh rochtain éifeachtach ar thithíocht leormhaith ag leanaí atá i ngátar, agus aird ar leith á tabhairt ar an easpa dídine i measc leanaí agus teaghlach a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi. Sa Mholadh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach⁴, moltar tacaíocht leordhóthanach ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha, agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus bunriachtanacha, lena n-áirítear tithíocht, a chomhcheangal. Le Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta⁵ a fhorbairt, iarrtar ar na Ballstáit ról an gheilleagair shóisialta a aithint agus tacú leis maidir le seirbhísí sóisialta agus cúraim agus tithíocht atá inrochtana agus ar ardcháilíocht a chur ar fáil, agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste á gcur san áireamh freisin, i ndlúthchomhar le seirbhísí sóisialta atá ar fáil go poiblí.

¹ <https://www.coe.int/en/web/conventions/full-list?module=treaty-detail&treatynum=163>.

² An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

³ Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

⁴ Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (IO C 41, 3.2.2023, lch. 1).

⁵ Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (IO C, C/2023/1344, 29.11.2023).

- (6) Cuirtear i dtábhacht sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030⁶ go mbíonn tionchar ar leith ag staideanna forbhásacha tithíochta ar mhná toisc go bhfuil siad ró-ionadaithe i measc tuismitheoirí aonair, daoine scothaosta agus íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe. Le Treoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh⁷ a chomhrac, iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú, i measc nithe eile, go gcuirfidh seirbhísí tacaíochta faisnéis agus tacaíocht ar fáil d'íospartaigh maidir le rochtain ar thithíocht.
- (7) Le Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht⁸ na Romach, iarrtar ar na Ballstáit cóir chomhionann a áirithiú do na Romaigh maidir le rochtain ar thithíocht leormhaith dhídheighilte agus ar sheirbhísí bunriachtanacha⁹, i measc nithe eile. Cuirtear i dtábhacht sa Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030¹⁰ go gcuireann idirdhealú agus easpa glacadh sóisialta le leibhéal arda bhochtaineachta agus easpa dídine i measc daoine LADTIA+. Sa Teachtaireacht 'Feabhas a chur ar an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas go dtí 2030', iarrann an Coimisiún go n-áiritheofaí rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM 2026/113 final: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030.

⁷ Treoir 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO L, 2024/1385, 24.5.2024).

⁸ Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (IO C 93, 19.3.2021, lch. 1).

⁹ Arna chomhlánú leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (COM/2020/620 final).

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030*, COM(2025) 725 final,

- (8) Leis an Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán¹¹, moltar do na Ballstáit seirbhísí foirmiúla cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt agus/nó a fheabhsú, go háirithe cúram baile agus pobalbhunaithe. Is réamhriachtanas bunúsach don aosú sa bhaile í tithíocht atá curtha in oiriúint don chúram athraitheach a bheadh de dhíth ag duine aonair, rud a chumasaíonn soláthar cúraim baile agus a chuidíonn le dul i muinín cúraim chónaithe gan ghá a sheachaint.
- (9) Sonraítear i dTreoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh¹² go bhfuil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i dteideal dálaí glactha ábharacha lena n-áirítear tithíocht, bia, éadaí, táirgí sláinteachais phearsanta agus liúntas speansas laethúil, le caighdeáin chomhchuibhithe ar fud an Aontais.
- (10) Luaitear in Airteagal 16(2) de Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le haistriú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu¹³ ('an Treoir maidir le Cuntais Íocaíochta') go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag tomhaltóirí atá ina gcónaí go dleathach san Aontas, lena n-áirítear tomhaltóirí nach bhfuil aon seoladh seasta acu, cuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha aige a oscailt agus a úsáid le hinstiúidí creidmheasa atá lonnaithe sa chríoch ina bhfuil cónaí orthu. Beidh feidhm ag an gceart sin gan beann ar áit chónaithe an tomhaltóra.

¹¹ Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12.2022, lch. 1).

¹² Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (IO L 2024/1346, 22.5.2024)

¹³ Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le haistriú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).

- (11) Ghlac institiúidí an Aontais, na Ballstáit, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac¹⁴ an 21 Meitheamh 2021. Cuireann sé de cheangal ar a shínitheoirí uile Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac a sheoladh chun dearadh agus cur chun feidhme cur chuige duinelárnach, tithíocht-treoraithe agus comhtháite a chur chun cinn agus chun oibriú i dtreo deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas Eorpach faoi 2030, ionas go ndéanfar an méid seo a leanas:
- (i) nach mbeidh ar aon duine codladh amuigh mar gheall ar easpa cóiríochta éigeandála atá inrochtana, sábháilte agus iomchuí;
 - (ii) nach mbeidh aon duine ina chónaí i gcóiríocht éigeandála nó idirthréimhseach ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun réiteach tithíochta buan a chur ar fáil dóibh nuair a fhágfaidh siad cóiríocht den chineál sin agus an méid sin a chur i gcrích go rathúil;
 - (iii) nach scaoilfear aon duine as aon institiúid (e.g. príosún, ospidéal, saoráid chúraim) gan tairiscint ar thithíocht iomchuí a fháil;
 - (iv) gur cheart díshealbhuíthe a chosc nuair is féidir agus nach ndéanfar aon duine a dhíshealbhú gan cúnamh a thabhairt dóibh réiteach tithíochta iomchuí a fháil, nuair is gá sin;
 - (v) nach ndéanfar idirdhealú in aghaidh aon duine mar gheall ar stádas easpa dídine a bheith acu.
- (12) Is é an tArdán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac an creat comhair atá bunaithe ar leibhéal an Aontais maidir leis an easpa dídine. Cuirtear fóram comhoibríoch ar fáil leis le haghaidh forbairt eolais, foghlaim fhrithpháirteach, agus comhar i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara, rud a chuireann le ceapadh beartas fianaisebhunaithe agus le hacmhainneacht cur chun feidhme níos láidre, lena n-áirítear i ndáil le heisiamh tithíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air.

¹⁴ Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac (an 21 Meitheamh 2021, Liospóin, an Phortaingéil).

- (13) Aithnítear i ‘nDearbhú La Hulpe’¹⁵ a síníodh an 16 Aibreán 2024 ag an gComhdháil Ardleibhéil maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, go bhfuil an easpa dídine fós ina saincheist i roinnt mhaith Ballstát agus iarrtar ann go leanfaí de ghníomhaíocht a dhéanamh maidir le tithíocht shóisialta inrochtana, éifeachtúil, ghlas agus inacmhainne chun freastal ar riachtanais tithíochta gach duine, chun deireadh a chur leis an easpa dídine agus chun cur chuige ‘Tús Áite don Tithíocht’ a chur chun cinn. Aithnítear sa Dearbhú freisin tábhacht an Ardáin Eorpaigh chun an Easpa Dídine a Chomhrac.
- (14) Sa Rún uaithi a glacadh an 24 Samhain 2020¹⁶, chuir Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir gur ceart bunúsach an duine í an tithíocht agus d’iarr sí go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit gníomhaíocht níos láidre chun deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas faoi 2030. Sa Rún uaithi a glacadh an 10 Márta 2026¹⁷, leag Parlaimint na hEorpa béim ar an ngá atá le cur chuige Eorpach agus réitigh Eorpacha chun a áirithiú go mbeidh tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne ar fáil agus d’iarr sí ar na Ballstáit straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme atá tithíocht-treoraithe chun an easpa dídine a laghdú. Iarrtar sa Rún freisin ar an gCoimisiún tacaíocht bheartais a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an easpa dídine agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i ndáil leis sin.

¹⁵ Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (an 16 Aibreán 2024, La Hulpe, an Bheilg).

¹⁶ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain maidir le dul i ngleic le rátaí easpa dídine san Aontas (2020/2802(RSP)).

¹⁷ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2026 ar an ngéarchéim thithíochta san Aontas Eorpach agus é mar aidhm réitigh a mholadh do thithíocht chuibhiúil, inbhuanaithe agus inacmhainne (2025/2070(INI))

- (15) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/543 ón gCoimisiún an 22 Márta 2017¹⁸ lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla na dtopaicí agus lena miondealuithe, leagtar amach na sainmhínithe staidrimh i ndáil leis an easpa dídine agus tá sé infheidhme go dtí deireadh 2027. Ó 2028 ar aghaidh, le Rialachán (AE) 2025/2458 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025¹⁹ maidir le staidreamh Eorpach i ndáil leis an daonra agus i ndáil le tithíocht, soláthraítear an creat dlíthiúil nua le haghaidh na sainmhínithe sin agus foráiltear, inter alia, do staidéir phíolótacha agus staidéir indéantachta.
- (16) Sa Tuairim uaidh maidir le deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas Eorpach²⁰, a glacadh an 2 Nollaig 2021, ba dhíol sásaimh do Choiste Eorpach na Réigiún gur seoladh an tArdán agus leag sé béim ar cheithre shraith thábhachtacha gníomhaíochta dó, is iad sin: an fhoghlaím fhrithpháirteach; rochtain ar chistiú a chur chun cinn; bailiú sonraí agus faireachán beartas; agus nuálaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu a shainaithint agus cuidiú lena méadú ó thaobh scála de.
- (17) Sa Tuairim uaidh maidir le creat de chuid an Aontais le haghaidh straitéisí náisiúnta um an easpa dídine bunaithe ar an bprionsabal ‘Tús Áite don Tithíocht’²¹, a glacadh an 13 Nollaig 2023, d’iarr Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa go bhforbródh an tAontas straitéis um an easpa dídine, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí beartais náisiúnta lena dtéitear i ngleic leis an easpa dídine a áireamh sa Seimeastar Eorpach. Mhol sé freisin gur cheart Moladh ón gComhairle maidir le heaspa dídine a bheith mar bhonn taca leis an straitéis sin.

¹⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme 2017/543 ón gCoimisiún an 22 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla na dtopaicí agus lena miondealuithe (IO L 78, 23.3.2017, p. 13)

¹⁹ Rialachán 2025/2458 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus (AE) Uimh. 1260/2013 (IO L, 2025/2458, 12.12.2025)

²⁰ Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas Eorpach: an dearcadh áitiúil agus réigiúnach (IO C 97, 28.2.2022, lch. 26).

²¹ Tuairim CESE 2023/01741 ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa -Creat AE le haghaidh straitéisí náisiúnta um an easpa dídine bunaithe ar an bprionsabal ‘Tús Áite don Tithíocht’

- (18) Tugtar faoi deara i dTuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht²² gur cheart do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun tacú leis an rochtain ar thithíocht inacmhainne, ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta leormhaith, i gcás inarb iomchuí, chun an easpa dídine a chosc agus dul i ngleic léi mar an cineál bochtaineachta is tromchúisí, chun aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta trí chineálacha cur chuige straitéiseacha atá comhtháite, duinelárnach agus tithíocht-treoraithe agus chun athchóiriú tithíochta cónaithe agus sóisialta a chur chun cinn.
- (19) Aithnítear sa Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne²³, a ghlac an Coimisiún an 16 Nollaig 2025, go mbíonn tionchar díreireach ag costais tithíochta atá ag dul i méid agus ag rochtain theoranta ar thithe sóisialta agus inacmhainne ar ghrúpaí áirithe, agus gur dúshlán leanúnach casta í an easpa dídine nach mór aghaidh a thabhairt uirthi trí réitigh atá tithíocht-treoraithe, amhail an cur chuige ‘Tús Áite don Tithíocht’, mar aon le cineálacha cur chuige comhtháite chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh a chomhrac.
- (20) Sa chéad Straitéis in aghaidh na Bochtaineachta a bhí ag an Aontas riamh, a ghlac an Coimisiún an 6 Bealtaine 2026, sainaitnítear praghsanna tithíochta mar dhúshlán ar leith dóibh siúd atá thíos leis an mbochtaineacht nó atá i mbaol na bochtaineachta agus tugtar faoi deara gur réamhriachtanas ríthábhachtach í rochtain ar thithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta má táthar le daoine a lánpháirtiú sa tsochaí agus sa mhargadh saothair.
- (21) Leis an gcéad agus an t-aonú ceann déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe le haghaidh 2030, iarrtar go gcuirfí deireadh leis an bhfíorbhochtaineacht, lena n-áirítear easpa dídine, i ngach áit, agus go n-áiritheofaí rochtain do chách ar thithíocht leormhaith, shábháilte, inacmhainne.
- (22) Tá an easpa dídine fós ar an léiriú is tromchúisí agus is feiceálaí ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta san Aontas Eorpach. Bíonn tionchar aici ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh ar fud na mBallstát uile, agus baineann sí an bonn de phrionsabail na dínite, an chomhionannais agus an cheartais shóisialta ar a bhfuil an tAontas fothaithe. D’ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh go dtí seo, tá méadú ag teacht ar an easpa dídine i roinnt Ballstát agus meastar go bhfuil tionchar aici ar níos mó ná milliún duine²⁴.

²² An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026 – Arna glacadh ag Comhairle EPSCO an 9 Márta 2026, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026.

²³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM 2025/1025 final: An Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne

²⁴ Bunachar Sonraí Tithíochta Inacmhainne ECFE | ECFE

- (23) Is é atá i gceist leis an eisiámh tithíochta neamhábaltacht duine aonair nó teaghlaigh rochtain a fháil nó a choinneáil ar thithíocht chuibhiúil chobhsaí a chomhlíonann bunchaighdeáin sábháilteachta, slándála dlíthiúla, inrochtaineachta agus inacmhainneachta. Is í an easpa dídine an cineál is feiceálaí agus is tromchúisí agus cuimsíonn sí daoine a chodlaíonn amuigh agus daoine i gcóiríocht éigeandála agus i dtithíocht shealadach do dhaoine gan dídean. Mar sin féin, tá níos mó ná sin i gceist leis an eisiámh tithíochta, ina gcuimsítear daoine a bhfuil díon os a gcionn ach a mhaireann i ndálaí atá neamh-leormhaith nó neamhshlán. Is é atá i gceist le tithíocht neamhshlán cásanna ina ndéantar díshealbhú a bhagairt ar dhaoine aonair, ina mbíonn siad thíos le foréigean baile, nó ina mbíonn comhaontuithe tionóntachta éagobhsaí acu. Is é atá i gceist le tithíocht neamh-leormhaith cásanna ina mbíonn daoine aonair ar áitiú i dteaghaisí nach bhfuil a gcáilíocht ar an gcaighdeán cuí agus nach bhfuil saoráidí bunúsacha acu (amhail leithris insruthlaithe faoi dhíon nó saoráidí níos áine). D'fhéadfadh drochbhail a bheith ar na teaghaisí sin, d'fhéadfadh plódú as cuimse a bheith iontu nó d'fhéadfadh sé nach mbeidís oiriúnaithe do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu (amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh acu).
- (24) Tá an tithíocht shóisialta ina príomhchinntitheach sóisialta ó thaobh na sláinte, an chuimsithe shóisialta agus sochaí chomhtháite de, agus is féidir drochthionchar a bheith ag easpa dídine, ag tithíocht ar cháilíocht íseal nó ag timpeallachtaí cónaithe leithscartha ar cháilíocht saoil, lena n-áirítear sláinte mheabhrach agus coirp, folláine, fostaíocht agus deiseanna oideachais do dhaoine aonair agus pobail.
- (25) Eascraíonn an t-eisiámh tithíochta agus an easpa dídine as an idirghníomhú casta idir tosca struchtúracha, institiúideacha agus pearsanta. Áirítear orthu sin an bhochtaineacht, an dífhostaíocht, easpa tithíochta sóisialta agus inacmhainne nó easpa cúnaimh tithíochta ardcháilíochta, an t-idirdhealú, drochshláinte mheabhrach agus fhisiciúil, mí-úsáid substaintí, agus an foréigean baile.
- (26) In 2024, thuairiscigh beagnach 6 % de dhaoine san Aontas a bhí 16 bliana d'aois nó níos sine agus a bhí ag lorg tithíochta sa tréimhse 5 bliana roimhe sin gur bhraith siad go ndearnadh idirdhealú orthu uair amháin ar a laghad. Bhí an sciar díobh siúd a bhraith go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh dhá oiread níos airde i gcás daoine a bhí i mbaol na bochtaineachta nó an eisiámh shóisialta (10 %) i gcomparáid leo siúd nach raibh i mbaol na rudaí sin (5 %). Bhí thart ar 17 % de dhaonra an Aontais in 2024 ina gcónaí i dteach plódaithe.

- (27) Is constaic mhór é an ganntanas tithíochta sóisialta agus inacmhainne maidir leis an gcomhrac in aghaidh an eisiaimh tithíochta agus na heaspa dídine. Idir 2013 agus 2024, tháinig méadú níos mó ná 60 % ar phraghsanna tithe i dtéarmaí ainmniúla ar fud an Aontais, arb ardú é is tapúla ná an t-ardú a tháinig ar ioncam teaghlaigh, agus i roinnt Ballstát bhí méaduithe is mó ná 220 % ar phraghsanna ainmniúla ar an meán. An tráth céanna, tá méadú thart ar 20 % tagtha ar mheánchíosanna agus, go ginearálta, tá conarthaí cíosa nua i bhfad níos costasaí ná na conarthaí níos sine, go háirithe i gceantair uirbeacha agus thurasóireachta. Tá méadú tagtha ar chostais tithíochta, lena n-áirítear uisce, leictreachas, téamh agus fuarú, gás agus breoslaí eile, i 17 mBallstát, i gcomparáid le meán an Aontais, agus méadú suas le níos mó ná 80 % os cionn mheán an Aontais ann i roinnt Ballstát, agus tháinig laghdú orthu i 10 mBallstát eile.
- (28) Bhain dúshlán leis na hiarrachtaí an soláthar tithíochta a choinneáil ar chomhchéim leis an éileamh atá ag dul i méid de dheasca, inter alia, costais arda tógála, easnaimh nuálaíochta, ganntanais lucht saothair oilte, imirce agus rómhaorlathas iomarcach. Go háirithe, tá ardú 56 % tagtha ar phraghsanna tógála san Aontas idir 2010 agus 2024, agus bhí méaduithe níos mó ná 170 % ann i roinnt Ballstát. Tá laghdú 22 % tagtha ar cheadanna foirgneamh cónaithe (an líon teaghaisí) idir 2021 agus 2024 agus níor baineadh leas iomlán as an stoc tithíochta atá ann cheana, agus tá thart ar 20 % de theaghaisí ar fud an Aontais fós folamh nó tearcáitithe (lena n-áirítear áiteanna cónaithe séasúracha nó tánaisteacha agus aonaid tithíochta a cheannaítear mar infheistíochtaí agus nach n-úsáidtear mar phríomháiteanna cónaithe).

- (29) Sa chomhthéacs sin, is den rithábhacht é soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú má táthar le haghaidh a thabhairt ar an eisiamh tithíochta. Go háirithe, tá gá le hinfheistíochtaí breise chun tacú le tógáil teaghaisí nua, le hathchóiriú, agus nuair is féidir, trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as na teaghaisí tearcáitithe agus neamháitithe atá ann cheana, lena n-áirítear trí dhreasú a dhéanamh ar mhaoín faoi úinéireacht phríobháideach a fháil ar cíós agus trí athrú cuspóra a dhéanamh ar an stoc foirgneamh atá ann cheana e.g. foirgnimh oifige. Leis an athbhreithniú ar na rialacha maidir le Státchabhair i ndáil le Seirbhísí lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta mar chuid den Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne agus den Rialachán Meántearma maidir leis an athbhreithniú ar chistí bheartas comhtháthaithe an Aontais²⁵, rannchuidítear le creat cumasúcháin a fhorbairt le haghaidh infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne (faoi mhí an Mhárta 2026 rinne na Ballstáit agus na réigiúin EUR 3.3 billiún ar a laghad a ath-leithdháileadh ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe faoin athbhreithniú meántearma). Tá na solúbthachtaí rialála meántearma agus an fhéidearthacht ráta cómhaoinithe níos airde ón Aontas a bheith ann le haghaidh infheistíochtaí tithíochta fós ar fáil chun tacú le hath-chlársceidealú breise go dtí 2029-2030.
- (30) I gcomhréir le prionsabail Bauhaus Eorpach Nua, ba cheart rochtain ar thithíocht leormhaith, inbhuanaithe, inacmhainne agus ardcháilíochta a mheas mar chuid d'éiceachóras sóisialta agus críochach níos leithne a thacaíonn leis an gcuimsiú, saol an phobail, soghluaisteacht an lucht saothair, rochtain ar oideachas agus oiliúint, an tsláinte, cúram fadtéarmach, maireachtáil neamhspleách agus comhtháthú sóisialta. Tá beartais tithíochta níos éifeachtaí agus cruthaíonn siad breisluach sóisialta nuair a chomhcheanglaítear iad le bearta logánta, le bonneagar pobail agus le seirbhísí pobail agus nuair a cheaptar iad chun comharsanachtaí cuimsitheacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn a fhreastalaíonn ar riachtanais na n-áitritheoirí.

²⁵ Rialachán 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin 2021/1058 agus 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántearma (IO L, 2025/1914, 19.9.2025),

- (31) Chun an soláthar agus an inacmhainneacht a leathnú, is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint, ag brath ar chúinsí náisiúnta, as samhlacha tithíochta éagsúla, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus phoiblí, tithíocht ar cíos de réir costais agus tithíocht brabúis theoranta, comharchumainn tithíochta, gníomhaireachtaí cíosa sóisialta agus samhlacha neamhbhrabúis nó samhlacha leasa phoiblí eile. Leis na samhlacha sin, arb iad eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta a dhéanann iad a sheachadadh go minic, is féidir cur le hinacmhainneacht fhadtéarmach, neamhchosaint ar amhantraíocht dhíobhálach a laghdú agus cuidiú le húsáid níos fearr a bhaint as teaghaisí, talamh agus acmhainní infheistíochta atá ann cheana. Is féidir le coincheapa nuálacha comhchónaithe, lena n-áirítear maireachtáil idirghlúine, comhthithíocht agus socruithe spáis chomhroinnte, cuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann le leithlisiú sóisialta, tearc-áitiú foirgneamh agus ganntanais tithíochta áitiúla. Is féidir leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach cuidiú le samhlacha a cuireadh chun feidhme cheana féin agus a d'éirigh go maith leo i mBallstáit eile a shainaitheint.
- (32) D'fhéadfadh sé go mbeadh córais tithíochta éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Tá fiúntas mór ag baint le tithíocht shóisialta mar ionstraim i mBallstáit go leor, cé go n-úsáidtear córais mhalartacha i mBallstáit eile. Ina theannta sin, fágann cúinsí náisiúnta agus creataí institiúideacha nach ionann an tuiscint atá ar choincheapa amhail tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne ó Bhallstát go Ballstát.
- (33) Chun an soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a uas-scálú, tá gá le creataí cobhsaí rialachais agus infheistíochta, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, comhpháirtíochtaí leasa phoiblí, agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha-saoránach nua leathnaithe (agus iad dírithe ar chónaitheoirí ionchasacha a lánpháirtiú). Is den tábhacht é go mbeadh comhar ann idir údarais phoiblí, eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, soláthraithe tithíochta sóisialta agus inacmhainne, forbróirí tithíochta príobháidí, institiúidí oideachais, fostóirí, institiúidí airgeadais agus páirtithe leasmhara eile. Le maoiniú cumaiscthe, cíos costasbhunaithe, cistí imrothlacha, ráthaíochtaí poiblí, léasanna fadtéarmacha ar thalamh poiblí agus sásraí maoiniúcháin eile chun leasa an phobail, is féidir cuidiú le caipiteal foighneach a shlógadh agus inacmhainneacht fhadtéarmach a éascú. Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit tionscadail tithíochta nuálacha chuimsitheacha ón mbun aníos a chur chun cinn agus tacú leo, ar tionscadail iad lena ndéanann na cónaitheoirí a bheidh ann amach anseo a dtionscadal tithíochta a phleanáil agus a mhaoiniú i dteannta a chéile.

- (34) D'fhéadfadh an t-eisiamh tithíochta agus an easpa dídine difear díréireach a dhéanamh do phobail áirithe, agus athraíonn scála agus comhdhéanamh na ndaoine a ndéantar difear dóibh go suntasach de réir imthosca náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. D'fhéadfadh míbhuntáistí sonracha forluiteacha a bheith ann do dhaoine agus do ghrúpaí áirithe maidir le rochtain a fháil ar thithíocht agus is mó an riosca go mbeidís thíos leis an eisiamh tithíochta nó go mbeidís gan dídean. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin daoine óga (amhail mic léinn nach bhfuil sé d'acmhainn acu íoc as tithíocht do mhic léinn nó rochtain a fháil uirthi, nó iad siúd a fhágann cúram institiúideach nó malartach), daoine dífhostaithe, daoine atá thíos le bochtaineacht lucht oibre, teaghlaigh leochaileacha (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus teaghlaigh mhóra ina bhfuil clann), íospartaigh agus marthanóirí foréigin inscnebhunaithe, daoine scothaosta atá i staideanna forbhasacha tithíochta, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh acu, daoine scothaosta atá i staid tithíochta fhorbhasach, Romaigh, daoine de bhunadh imirceach, daoine ar de mhionlaigh chiníocha nó eitneacha iad agus daoine LADTIA+.
- (35) Ar na huirlisí is éifeachtaí dá bhfuil ar fáil chun deireadh a chur leis an easpa dídine, tá an t-eisiamh tithíochta agus an easpa dídine a chosc, rochtain ar thithíocht leormhaith shlán, agus seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha duinelárnacha, amhail seirbhísí sóisialta comhtháite. Ba cheart iarraidh ar na Ballstáit neartú a dhéanamh ar beartais choisc lena gcuimsítear bearta coisc uilíocha, idirghabhálacha réamhtheachtacha lena ndírítear ar dhaoine ardriosca, cosc géarchéime do dhaoine agus do theaghlaigh atá i ngarbhaol na heaspa dídine, agus idirghabhálacha ag céim éigeandála chun rochtain thráthuil ar thithíocht shealadach a áirithiú.
- (36) Níl uirlisí luath-idirghabhála amhail idirghabháil riaráistí cíosa agus morgáistí, comhairleoireacht fiachais, cúnamh dlíthuil a bhaineann le cearta tionóntaí agus cearta tiarnaí talún, córais luathrabhaidh, agus tacaíocht airgeadais ghearrthéarmach ar fáil go comhsheasmhach ar fud na mBallstát, agus tá sé fíor-riachtanach na sásraí sin a neartú chun an t-eisiamh tithíochta a chosc go héifeachtach.
- (37) Chun díshealbhuíthe éigeantais²⁶ a chosc agus chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine le linn athshocruithe, tá gá le creat dlíthuil cothrom maidir le slándáil tionóntaí, cobhsaíocht tithíochta agus cearta tiarnaí talún. Is féidir leis an gcomhar le húdaráis áitiúla, seirbhísí sóisialta, agus roghanna idirghabhála, lena n-áirítear gníomhaireachtaí cíosa sóisialta, an baol easpa dídine a laghdú agus aistrithe a éascú.

²⁶ 'díshealbhuíthe éigeantais' mar a shainmhíníonn UNHCR iad An Coiste um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, barúil ghinearálta Uimh. 7 (1997) maidir le 'The right to adequate housing: forced evictions' [An ceart chun tithíochta leormhaithe: díshealbhuíthe éigeantais] (20/5/97)

- (38) Trí chineálacha cur chuige tithíocht-treoraithe, lena n-áirítear an tsamhail ‘Tús Áite don Tithíocht’, lena gcomhcheanglaítear rochtain thapa ar thithíocht fhadtéarmach shlán le seirbhísí tacaíochta pearsantaithe comhtháite, lena n-áirítear tacaíochtaí sóisialta, sláinte agus fostaíochta arna saincheapadh do riachtanais an duine aonair, léiríodh torthaí dearfacha inbhuanaithe maidir leis an eisiámh tithíochta agus an easpa dídine a chosc agus a laghdú agus maidir le comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn.
- (39) D’fhéadfadh ceanglais riaracháin maidir le rochtain a fháil ar chúnamh, lena n-áirítear an oibleagáid cruthúnas buanchónaithe a sholáthar, bacainní a chruthú do dhaoine atá gan dídean nó atá thíos leis an easpa tithíochta. Trí cheanglais den sórt sin a bhaint nó a oiriúnú, i gcás inarb iomchuí, is féidir feabhas a chur ar ghlacadh na tacaíochta atá ar fáil agus cuidiú le dul i ngleic le bunchúiseanna an eisiaimh tithíochta.
- (40) Is féidir costais tithíochta atá ag ardú agus rochtain theoranta ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne a bheith ina mbac ar shoghluaisteacht daoine sa mhargadh saothair, toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh daoine aonair in ann bogadh go limistéir ina bhfuil deiseanna fostaíochta ar fáil. Is féidir leis sin dífear a dhéanamh don iomaíochas agus don fhás eacnamaíoch. Tá sé rithabhachtach aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta chun tacú le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus chun feidhmiú éifeachtúil na margaí saothair a áirithiú.
- (41) Cuireann difríochtaí i sainmhínithe, i gcórais faireacháin agus i modheolaíochtaí bailithe sonraí a úsáidtear ar fud na mBallstát teorainn le hinfaighteacht sonraí inchomparáide maidir leis an easpa dídine ar leibhéal an Aontais.
- (42) Tá sonraí agus fianaise staidrimh iontaofa, ábhartha a bhailítear go rialta maidir leis an eisiámh tithíochta agus leis an easpa dídine rithabhachtach ó thaobh dearadh, faireachán agus meastóireacht beartais éifeachtach de, rud a chuidíonn le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn gan an t-ualach riaracháin a mhéadú.
- (43) Chun dul i ngleic leis an eisiámh tithíochta agus leis an easpa dídine, tá gá le comhordú trasearnála agus rialachas il-leibhéil ina mbeidh an tAontas Eorpach agus leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla rannpháirteach, in éineacht leis an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, soláthraithe tithíochta, agus daoine a bhfuil taithí saoil acu ar an easpa dídine.

- (44) Trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí a thairgeann tacaíocht do dhaoine atá thíos le heaspa dídine agus do dhaoine atá ag dul i ngleic leis an eisiamh tithíochta ar bhonn níos leithne, is féidir iarrachtaí poiblí a neartú chun seirbhísí a thairiscint lena gcothaítear an cuimsiú sóisialta agus lena gcruthaítear réitigh tithíochta chobhsaí do spriocghrúpaí sonracha. Trí sheirbhísí breise a chur ar fáil, amhail lánpháirtiú oibre, is féidir le heagraíochtaí an gheilleagair shóisialta cuidiú lena áirithiú gur féidir seasmhacht a bheith ag daoine agus iad ag bogadh ar aghaidh leis an saol.
- (45) Chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun an t-eisiamh tithíochta a chosc agus a laghdú, tá gá le cistiú leordhóthanach cobhsaí, chomh maith le húsáid éifeachtúil agus comhordú éifeachtúil a dhéanamh ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, i gcomhréir le hinniúlachtaí agus creataí buiséadacha na mBallstát.
- (46) Forbraíodh ‘TEEDET’, an Tíopeolaíocht Eorpach um an Easpa Dídine agus an Eisiamh Tithíochta, mar chreat chun feabhas a chur ar an tuiscint ar easpa dídine agus ar an mbealach a dhéantar í a thomhas san Eoraip, agus chun ‘teanga’ choiteann a chur ar fáil le haghaidh malartuithe trasnáisiúnta maidir leis an easpa dídine. Le TEEDET aicmítear gach staid mhaireachtála arb éard atá iontu cineálacha na heaspa dídine agus an eisiamh tithíochta, is iad sin:
- bheith gan scáth gan díon (gan dídean d’aon chineál, a bheith ag codladh amuigh),
 - bheith gan buanáras cónaithe (áit chodlata a bheith ag daoine ach é sin ar bhonn sealadach in institiúidí nó i ndídean),
 - maireachtáil i dtithíocht neamhshlán (daoine atá faoi bhagairt le heisiamh tromchúiseach mar gheall ar thionóntachtaí neamhshlána, díshealbhú, foréigean baile, ina gcónaí go sealadach le baill teaghlaigh/cairde),
 - cónaí a bheith ar dhaoine i dtithíocht neamh-leormhaith (i struchtúir shealadacha nó neamhghnácha, i dtithíocht mhí-oiriúnach, i dtithíocht atá plódaithe as cuimse).

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH

ÁBHAR

- (1) Gan dochar d'inniúlachtaí náisiúnta na mBallstát, tugtar treoír sa Mholadh seo maidir leis an eisiamh sóisialta a chomhrac, agus go háirithe:
 - (a) maidir le tacú leis na Ballstáit eisiamh tithíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air, agus go háirithe easpa dídine;
 - (b) maidir le dearadh, cur chun feidhme agus feabhsú creataí straitéiseacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur chun cinn bunaithe ar bheartais atá duinelárnach, tithíocht-treoraithe agus comhtháite.

SAINMHÍNITHE

- (2) Chun críoch an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘eisiamh tithíochta’ staideanna nach bhfuil rochtain ag daoine aonair nó ag teaghlaigh ar thithíocht leormhaith agus/nó ar thithíocht shlán. Cuimsítear leis go háirithe daoine atá ar easpa dídine (i.e. daoine gan díon os a gcionn nó gan tithíocht) agus iad siúd atá ina gcónaí go neamhdheonach i staideanna tithíochta forbhásacha, amhail i dtithíocht neamh-leormhaith nó neamhshlán;
 - (b) ciallaíonn ‘cóiríocht éigeandála’ cóiríocht, amhail ionaid dídine oíche, arb é is príomhchuspóir di aghaidh a thabhairt ar an ngéarghá atá le hionaid dídine agus le rochtain ar shaoráidí bunúsacha;
 - (c) ciallaíonn ‘tithíocht shealadach’ tithíocht a bhfuil teorainn ama léi agus a sholáthraítear fad atá réiteach fadtéarmach slán tithíochta á lorg;
 - (d) ciallaíonn ‘cineálacha cur chuige atá tithíocht-treoraithe’ samhlacha seachadta beartais agus seirbhíse lena dtugtar tús áite do sholáthar mear-rochtana ar thithíocht leormhaith, inacmhainne, fhadtéarmach agus shlán, lena ngabhann, i gcás inar gá, seirbhísí tacaíochta comhtháite duinelárnacha le haghaidh cobhsaíocht tithíochta agus cuimsiú sóisialta, amhail Tús Áite don Tithíocht.

MOLTAÍ TRASNAÍ

(3) Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) creataí straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha atá ann cheana a ghlacadh, a athbhreithniú nó a fhorbairt maidir leis an eisiámh tithíochta agus leis an easpa dídine a chomhrac ar bhonn beartais atá duinelárnach, tithíocht-treoraithe agus comhtháite i gcomhréir leis an Moladh seo, d'fhonn iarrachtaí a threisiú chun deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas Eorpach. Ba cheart é sin a dhéanamh le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na n-údarás réigiúnach agus áitiúil agus comhpháirtithe ábhartha eile, agus dáileadh na n-inniúlachtaí laistigh de na Ballstáit á urramú san am céanna;
- (b) staideanna tithíochta forbhásacha a shainiú, i ndáil le comhthéacsanna náisiúnta, agus rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta á gcur san áireamh go háirithe;
- (c) bearta saincheaptha a fhorbairt chun an t-eisiámh tithíochta agus an easpa dídine a chomhrac agus cur chuige duinelárnach tithíocht-treoraithe a ghlacadh agus leas á bhaint, i gcás inarb iomchuí, as prionsabail Tús Áite don Tithíocht agus Bauhaus Eorpach Nua, lena n-áirítear dearadh rannpháirteach, áitbhunaithe agus cuimsitheach, agus seirbhísí comhtháite á soláthar amhail cúnamh sóisialta, cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus gníomhachtúchán i margadh an tsaothair, mar aon le cúnamh tithíochta;
- (d) cuspóirí ábhartha, faoi cheangal ama, indéanta agus intomhaiste a leagan síos i gcomhréir le Dearbhú Liospóin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (i) go bhfaighidh gach duine a chodlaíonn amuigh (iad siúd atá thíos leis an 'easpa dídine phríomhúil'²⁷, a chodlaíonn ar na sráideanna gan dídean a ghlacadh in aon áit chónaithe) tairiscint cóiríochta éigeandála;

²⁷Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/543 ón gCoimisiún an 22 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla na dtopaicí agus lena miondealuithe (IO L 78, 23.3.2017, lch. 13).

- (ii) go dtabharfar tacaíocht éifeachtach do dhaoine atá ina gcónaí i gcóiríocht éigeandála nó i dtithíocht shealadach (iad siúd atá thíos leis an ‘easpa dídine thánaisteach’) nó daoine a scaoiltear amach as aon institiúid chun rochtain a fháil ar réitigh tithíochta fhadtéarmacha agus shlána a luaithe is féidir.

DAOINE ATÁ THÍOS LEIS AN EISIAMH TITHÍOCHTA NÓ ATÁ I mBAOL AN EISIAIMH TITHÍOCHTA A SHAINAITHINT

(4) Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) bailiú sonraí agus sásraí faireacháin buana a neartú maidir le grúpaí ar deacair teacht orthu, lena n-áirítear daoine atá ar easpa dídine, agus, gan ualach riaracháin iomarcach, sonraí rialta, cuimsitheacha agus inchomparáide a fhorbairt, lena n-áirítear, i gcás inar féidir agus gan ualach agus costais dhíréireacha do na Ballstáit, staidreamh imdhealaithe maidir le heisiamh tithíochta agus easpa dídine ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus rialacha cosanta sonraí á n-urramú ag an am céanna agus, i gcás inar féidir, trí úsáid a bhaint as foinsí sonraí atá ann cheana;
- (b) maidir leis na critéir chun daoine atá thíos leis an eisiamh tithíochta, nó atá i mbaol an eisiamh tithíochta, a shainaithint, na critéir sin a ailíniú ar fud seirbhísí ábhartha, amhail seirbhísí sóisialta, fostaíochta, oideachais, ceartais agus cosanta leanaí, agus comhroinnt faisnéise atá mear, éifeachtach agus tráthúil a fhorbairt idir na seirbhísí sin;
- (c) machnamh a dhéanamh ar chórais luathrabhaidh a fhorbairt nó a fheabhsú chun teaghlaigh atá i mbaol eisiamh tithíochta a shainaithint, lena n-áiríteofar tacaíocht thráthúil for-rochtana agus coisc; riachtanais tithíochta daoine atá ar easpa dídine agus daoine atá i staideanna tithíochta forbhasacha a chainníochtú agus measúnú a dhéanamh orthu; straitéisí aitheantais saincheaptha a fhorbairt dóibh siúd a ndéantar tearcáireamh orthu nó atá faoi cheilt go minic.

AN tEISIAMH TITHÍOCHTA A CHOSC

(5) Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) tacú, ina gcreataí straitéiseacha, leo siúd atá i mbaol an eisiaimh tithíochta, tithíocht leormhaith a choinneáil trí bhearta spriocdhírithe amhail comhairleoireacht fiachais agus tithíochta, córais luathrabhaidh, cúnamh éigeandála cíosa, idirghabháil, agus gníomhaíochtaí maolúcháin eile amhail aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. a áirithiú go mbeidh tithíocht oiriúnaithe ar fáil, chomh maith le hinrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta, do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh acu, agus ualaí díreireacha ar thógáil agus ar athchóiriú á seachaint san am céanna;
- (b) rochtain thráthúil agus éifeachtach ar fhaisnéis a áirithiú, go háirithe do dhaoine atá i mbaol eisiaimh tithíochta, maidir leis an tithíocht atá ar fáil, maidir le bearta tacaíochta sóisialta agus ioncaim, agus maidir le cúnamh don easpa dídine, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chur ar fáil i bhformáidí inrochtana, agus machnamh a dhéanamh ar fhor-rochtain a dhéanamh chun neamhghlacadh teidlíochtaí a laghdú;
- (c) faireachán rialta agus, i gcás inar gá, measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na tacaíochta ioncaim, lena n-áirítear liúntais a bhaineann le tithíocht, i ndáil le costais tithíochta, mar shampla le sásraí coigeartaithe a fhreagraíonn do threochtaí costais. Agus measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht, is gá breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le gaistí bochtaineachta a sheachaint;
- (d) sásraí a bhunú, i gcás inarb ábhartha, chun díshealbhuíthe a chosc trí idirghabhálacha luatha córasacha ó sheirbhísí sóisialta, ó údaráis bhreithiúnacha inniúla agus ó sheirbhísí gaolmhara eile. Féadfar a áireamh ar na bearta sin diantacaíocht do dhaoine atá i mbaol díshealbhuíthe maidir le riaráistí cíosa a bhainistiú agus, i gcás nach féidir díshealbhú a sheachaint, cúnamh gníomhach chun teacht ar réiteach malartach athchóiríochta atá saincheaptha do riachtanais an duine nó an teaghlaigh lena mbaineann;

- (e) bearta coisctheacha agus coimircí a neartú i ndáil le díshealbhú éigeantais, go háirithe i gcás teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, agus aird ar leith á tabhairt ar theaghlaigh aontuismitheora. Ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta trédhearcacha tráthúla a áirithiú lena n-urramaítear comhréireacht, próis chuí agus leigheasanna éifeachtacha, agus cearta tiarnaí talún á n-urramú san am céanna;
- (f) a áirithiú nach mbeidh tithíocht leormhaith in easnamh ar aon leanbh, lena ráthófar cóiríocht mhalartach thráthúil agus oiriúnach nuair is gá, agus aontacht teaghlaigh á caomhnú ar mhaithe le leas an linbh san am céanna;
- (g) a áirithiú nach bhfágfaidh aon leanbh ná duine fásta óg cúram institiúideach ná altramaís gan tithíocht leormhaith, seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais agus cláir ullmhúcháin chun cabhrú leo aistriú ón gcúram;
- (h) luathchomhairleoireacht choisctheach a chur ar bun i bhforais oideachais, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar sheirbhísí teorach oideachais atá ann cheana, agus i suíomhanna institiúideacha oibre nó óige, chun cabhrú le cásanna anacra a bhrath, luathfhágáil na scoile a chosc, agus atreorú iomchuí chuig na seirbhísí inniúla a éascú agus eisiamh tithíochta i measc leanaí agus daoine óga a chosc;
- (i) comhairleoireacht agus tacaíocht shóisialta a chur ar fáil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas chun eisiamh tithíochta a chosc;
- (j) cóir chomhionann a áirithiú do dhaoine atá i mbaol an idirdhealaithe maidir le rochtain ar thithíocht leormhaith agus ar sheirbhísí riachtanacha ar fud na dtionachtaí tithíochta uile;
- (k) tacaíocht thráthúil phearsantaithe a chur ar fáil do dhaoine a fhágann institiúidí, amhail príosúin, ospidéal, ionaid chóiríochta d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, agus saoráidí cúraim chun tithíocht fhadtéarmach a áirithiú. Áirítear leis sin daoine a bhfuil riachtanais shuntasacha mheabhairshláinte, mí-úsáide substaintí nó cúraim fhadtéarmaigh acu. Chuige sin, d'fhéadfadh na Ballstáit prótacail um urscaoileadh trasearnála a spreagadh a mbeadh baint ag na húdaráis phoiblí inniúla agus ag soláthraithe seirbhíse ábhartha leo, agus bearta tacaíochta feabhsaithe arb é is aidhm dóibh aon chur isteach ar chonairí cúraim a chosc.

TACAÍOCHT DO DHAOINE ATÁ GAN DÍDEAN

- (6) Chun an fad ama a bhíonn daoine gan dídean a laghdú nó a bhíonn siad ag brath ar chóiríocht éigeandála nó ar thithíocht shealadach, moltar do na Ballstáit tacaíocht dhuinelárnach, chomhtháite agus inrochtana a chur ar fáil tríd an méid seo a leanas:
- (a) córais tacaíochta inrochtana agus chuimsitheacha, lena n-áirítear, mar shampla, measúnú ar riachtanais aonair, pleananna tacaíochta saincheaptha, feidhmeanna tacaíochta sonracha (amhail bainisteoirí cásanna agus comhairleoirí tithíochta) agus bainistiú cáis le haghaidh na gcásanna is casta; foirne ildisciplíneacha pobalbhunaithe agus for-rochtana a bhfuil baint ag gairmithe sláinte agus cúraim, oibrithe sóisialta agus bainc bhia leo. D'fhéadfadh foirne for-rochtana faisnéis agus treoir a chur ar fáil freisin chun cabhrú le rochtain ar chearta, ar sheirbhísí bunriachtanacha, ar chlárú agus doiciméadacht shibhialta, ar oideachas agus ar lánpháirtiú i margadh an tsaothair;
 - (b) a áirithiú go n-urramóidh aon bhearta oird phoiblí a bhaineann le spásanna poiblí dínit agus cearta bunúsacha daoine atá ar easpa dídine;
 - (c) caighdeáin lena n-áirithítear seirbhísí tacaíochta comhsheasmhacha ardcháilíochta, lena n-áirítear tacaíocht a bhaineann go sonrach le leanaí;
 - (d) ‘cur chuige ionaid ilfhreastail’ ina mbeidh atreoruithe tráthúla simplithe chuig gníomhaireachtaí slándála sóisialta ábhartha, chuig cúnamh sóisialta, agus chuig seirbhísí sóisialta agus sláinte lena mbaineann bacainn íseal;
 - (e) córais tacaíochta lena gcuidítear le scaradh teaghlaigh nach bhfuil gá leis a chosc, ar mhaithe le leas an linbh agus lena n-áirithítear nach bhfanfaidh aon leanbh gan scáth gan díon nó in ionaid dídine éigeandála, i dtithíocht shealadach nó bheith gan buanáras cónaithe de chineálacha eile;
 - (f) tacaíocht ghníomhach fostaíochta, lena n-áirítear trí chlárú leis na seirbhísí fostaíochta a éascú, agus trí chonairí pearsantaithe i dtreo fostaíochta, tacaíocht shóisialta agus tacaíocht coinneála poist agus tacaíocht d'fhostóirí a fhorbairt;

- (g) a áirithiú go gcuirfear daoine atá gan dídean ar an eolas faoina gcearta faoi reachtaíocht an Aontais²⁸ cuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha i gceist leis a oscailt agus a úsáid le hinstiúidí creidmheasa atá lonnaithe ina gcríoch, gan beann ar sheoladh seasta a bheith acu;
- (h) rochtain ar réitigh thithíochta chobhsaí a leathnú do dhaoine atá ar easpa dídine, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, trí chomhar le soláthraithe tithíochta poiblí agus príobháideacha, gníomhaireachtaí cíosa shóisialta agus sásraí cuimsitheacha leithdháilte, agus trí shamhlacha comhoibritheacha agus pobalbhunaithe a bhfuil seirbhísí tacaíochta iomchuí ag gabháil leo agus comhordú idir eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí a chur chun cinn chun briseadh sa tacaíocht a chosc a luaith a bheidh tithíocht faighte;
- (i) a áirithiú go mbeidh cóiríocht éigeandála agus tithíocht shealadach, lena n-áirítear cóiríocht atá leithscartha ó thaobh inscne de, ar fáil, sábháilte agus inrochtana agus go gcuirfear tacaíocht iomchuí ar fáil agus go bhfreastalófar ar riachtanais gach duine atá gan dídean, lena n-áirítear do theaghlaigh ina bhfuil leanaí agus d'íospartaigh foréigin teaghlaigh agus ghnéasaigh, agus tacú lena n-aistriú chuig tithíocht chobhsaí ag an am céanna;
- (j) aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don ról atá ag daoine a bhfuil taithí saoil acu ar bheith gan dídean maidir leis an mhuinín atá ag daoine sna bearta seirbhísí tacaíochta, an rochtain a bhíonn acu orthu agus éifeachtacht na mbeart a fheabhsú, mar aon le bearta lena n-éascaítear rochtain ar an gcuimsiú sóisialta agus ar thithíocht;
- (k) bearta chun stiogmatú agus cleachtais idirdhealaitheacha maidir le rochtain ar thithíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu amhail critéir thrédhearcacha le haghaidh liostaí feithimh tithíochta sóisialta, oiliúint ar chlaontacht neamh-chomhfhiúch do ghairmithe tithíochta agus seirbhísí tacaíochta do thionóntaí a bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu;

²⁸ Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).

- (1) seirbhísí tacaíochta sóisialta for-rochtana agus comhordú idir seirbhísí pobail agus poiblí do dhaoine atá ina gcónaí i lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla a neartú chun rochtain ar thithíocht chobhsaí shlán a fheabhsú.

ROCHTAIN AR RÉITIGH TITHÍOCHTA LEORMHAITHE AGUS SLÁINE

- (7) Moltar do na Ballstáit borradh a chur faoi sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne, mar fhreagairt ar riachtanais dhéimeagrafacha, ar ghanntanais áitiúla agus ar éagothromaíochtaí críochacha, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) coinníollacha cíosa fadtéarmacha do thiarnaí talún príobháideacha agus do thionóntaí a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- creat dlíthiúil a áirithiú lena n-éascaítear úsáid shlán dhea-fheidhmiúil conarthaí cíosa fadtéarmacha,
- úsáid spriocdhírithe dreasachtaí comhréireacha airgeadais a cheadú, i gcás inarb iomchuí, do thiarnaí talún chun réitigh fhadtéarmacha inacmhainne shlána tithíochta a thairiscint, go háirithe do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus do dhaoine óga,
- soiléireacht dhlíthiúil agus éifeachtúlacht na nósanna imeachta um dhíshealbhú ábhartha a fheabhsú agus,
- cothromaíocht a bhaint amach idir an stoc cíosa fhadtéarmaigh atá á úsáid chun críoch cíosa ghearrthéarmaigh i gcás ina bhfuil údar cuí leis;

- (b) a áirithiú go n-áireofar ar bhearta athchóirithe, éifeachtúlachta fuinnimh agus athbheochana comharsanachta coimircí sóisialta chun an t-easáitiú a chosc;
- (c) infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha araon a dhreasú i bhfoirgnimh nuathógtha, in athchóirithe nó in athrú cuspóra foirgneamh atá ann cheana chun stoc tithíochta sóisialta agus inacmhainne a leathnú;
- (d) samhlacha tithíochta atá dírithe ar inacmhainneacht a chumasú agus tacú leo, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus phoiblí, comharchumainn tithíochta, comhlachais tithíochta brabúis theoranta, iontaobhais talún pobail chomh maith le gníomhaireachtaí sóisialta cíosa agus cineálacha cur chuige brabúis theoranta nó neamhbhrabúis eile;

- (e) coincheapa nuálacha comhchónaithe a chur chun cinn agus cur go mór leo, amhail spásanna maireachtála comhroinnte, tithíocht chlibín, comhthithíocht agus socruithe tithíochta idirghlúine, lena n-áirítear le saoráidí comhroinnte agus seirbhísí tacaíochta i gcás inarb ábhartha; agus samhlacha tithíochta sealadaí agus idirthréimhsí a éascú do mhic léinn agus do dhaoine óga, mar shampla mic léinn a thabhairt le chéile le cónaitheoirí i dteaghaisí tearcúsáidte;
- (f) bealaí chun feabhas a chur ar nósanna imeachta pleanála agus ceadúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a mheas le haghaidh tógáil tithíochta níos tapúla, gan caighdeáin inbhuanaitheacha ná cáilíocht tithíochta a chur i mbaol, agus an cuimsiú sóisialta agus an comhtháthú críochach á saothrú ag an am céanna, agus laghdú a dhéanamh ar bhacainní riaracháin a dhéanann difear do sholáthraithe seirbhísí tógála a thacaíonn le seachadadh tráthúil tithíochta nua sóisialta agus inacmhainne i gcás inar gá, mar shampla trí thalamh poiblí a úsáid agus a shlógadh, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil an tithíocht sin dea-nasctha le seirbhísí agus gníomhaíochtaí socheacnamaíocha fíor-riachtanacha;
- (g) feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil an stoic tithíochta atá ann cheana, go háirithe trí athrú cuspóra, athchóiriú agus athúsáid foirgneamh atá ann cheana a éascú agus trí theaghaisí folmha agus maoin phoiblí fholamh a shlógadh, agus teorainn a chur le scartáil nach bhfuil gá léi á a mhéid is féidir, agus bearta á gcur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu plódú a laghdú agus cáilíocht tithíochta a fheabhsú;
- (h) feabhas a chur ar infhaighteacht ionad dídine agus tithíochta idirthréimhsí agus ar an rochtain orthu, go dtí go mbeidh réitigh tithíochta fhadtéarmacha chobhsaí ar fáil;
- (i) éifeachtaí teagmhas a bhaineann leis an aeráid ar an soláthar tithíochta a chur san áireamh, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí;
- (j) sciar socraithe d'fhorbairtí tithíochta nua a thiomnú do thithíocht shóisialta agus inacmhainne, rud a léiríonn riachtanais tithíochta áitiúla.

- (8) Mar chuid d'iarrachtaí a bheith á gcomhlánú acu chun borradh a chur faoin soláthar tithíochta, moltar do na Ballstáit creataí leormhaithe, intuartha agus inbhuanaithe cistiúcháin agus infheistíochta a chur i bhfeidhm ina straitéisí náisiúnta. Moltar do na Ballstáit freisin leas iomlán a bhaint as na huirlisí cistithe agus maoinithe de chuid an Aontais atá ar fáil, lena n-áirítear an tArdán Infheistíochta Uile-Eorpach um thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe atá ar na bacáin agus a fógraíodh sa Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne²⁹. Is féidir leis na bearta sin cuidiú le húsáid acmhainní náisiúnta agus acmhainní an Aontais a bharrfheabhsú agus réitigh tithíochta fadtéarmaí, cuimsithí agus inacmhainne a mhéadú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) acmhainní a ailíniú agus a chomhordú ar fud beartais tithíochta, cuimsithe shóisialta, fostaíochta, oideachais, sláinte, cúraim fhadtéarmaigh, athghiniúna uirbí agus athchóirithe, chun borradh a chur faoi chomhleanúnachas agus tionchar beartais;
 - (b) a áirithiú go n-áireofar ar ghníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht phoiblí, i gcás inarb iomchuí, coinníollacha soiléire maidir le hinacmhainneacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus leithdháileadh cuimsitheach tithíochta agus naisc le seirbhísí pobalbhunaithe;
 - (c) samhlacha maoinithe nuálacha a chur chun feidhme, amhail cistí imrothlacha, cistí infheistíochta tionchair, maoiniú cumaisc agus ráthaíochtaí poiblí, lena n-áirítear samhlacha cíosa costasbhunaithe agus ceanglais athinfheistíochta, chun tacú le hinacmhainneacht fhadtéarmach an tsoláthair tithíochta agus chun caipiteal poiblí agus príobháideach araon a shlógadh le haghaidh tithíocht inacmhainne agus shóisialta;
 - (d) iompraíochtaí amhantracha díobhálacha sa mhargadh tithíochta a dhíspreagadh, mar shampla trí bheartais chánachais éifeachtacha a cheapadh agus trédhearcacht an mhargaidh a fheabhsú;
 - (e) tacú le forbairt tionscadal agus cúnamh teicniúil d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta agus do sholáthraithe tithíochta teoranta nó neamhbhrabúsacha;

²⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM 2025/1025 final: An Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne.

- (f) comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn, lena n-áirítear le húdaráis áitiúla, institiúidí ardoideachais agus oiliúna, fostóirí, soláthraithe tithíochta agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar, lena n-áirítear tionscadail tithíochta mac léinn, oiliúnaithe, printíseach agus úsáide measctha;
 - (g) dlús a chur le hinfheistíochtaí chun tacú le tógáil agus athchóiriú tithíochta inacmhainne agus sóisialta, lena n-áirítear trí ionstraimí airgeadais agus cistiú cumaiscthe a ghlacadh faoin mbeartas comhtháthaithe atá ann faoi láthair, agus úsáid á baint san am céanna as na solúbthachtaí a chuirtear ar fáil faoina athbhreithniú meántearma³⁰ chun cistiú ón Aontais a ath-leithdháileadh i dtreo tithíocht inacmhainne; agus leas a bhaint as na rialacha athbhreithnithe maidir le Státchabhair i ndáil Seirbhísí lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta³¹, ina bhfuil catagóirí tiomnaithe do thithíocht shóisialta agus thithíocht inacmhainne araon.
- (9) Moltar do na Ballstáit tacú le daoine atá thíos leis an eisiamh tithíochta rochtain a fháil ar thithíocht chobhsaí agus í a choinneáil tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) rochtain ar thithíocht fhadtéarmach shlán a chur chun cinn, i gcomhréir le cur chuige tithíocht-treoraithe, mar shampla an tsamhail ‘Tús Áite don Tithíocht’, cistiú marthanach agus comhordú trasearnála beart;
 - (b) seirbhísí tacaíochta comhtháite leormhaithe agus iomchuí a chur i bhfeidhm lena dtugtar aghaidh ní hamháin ar an aistriú chuig tithíocht leormhaithe shlán ach ar choinneáil na tithíochta sin freisin. D’fhéadfaí a áireamh orthu sin, mar shampla, tacaíocht agus teach á lorg ag daoine, uas-sciliú agus athsciliú agus tacaíocht le haghaidh rochtain ar fhostaíocht agus chun fostaíocht a choinneáil, cúnamh airgeadais agus dlíthiúil, oiliúint scileanna saoil agus tacaíocht leantach chun cosc a chur ar dhaoine aonair a bheith thíos leis an eisiamh tithíochta arís ina saol;

³⁰ Rialachán 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin 2021/1058 agus 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántearma (IO L, 2025/1914, 19.9.2025).

³¹ [Cinneadh 2025/2630 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2025 maidir le hAirteagal 106\(2\) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí arna thabhairt do ghnóthais áirithe a bhfuil de chúram orthu seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/21 \(IO L, 2025/2630, 19.12.2025\).](#)

- (c) infhaighteacht réiteach tithíochta leormhaithe a mhéadú do dhaoine atá thíos leis an eisiámh tithíochta, go háirithe tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu, agus a áirithiú go gcuirfear san áireamh iad agus go dtabharfar tosaíocht dóibh sna sásraí leithdháilte do thithíocht shóisialta;
 - (d) rochtain ar thacaíocht airgeadais leordhóthanach a chur chun cinn amhail ráthaíochtaí cíosa, iasachtaí ar ús íseal agus sochair thithíochta, mar aon le faisnéis inrochtana maidir le conas tacaíocht den sórt sin agus an litearthacht airgeadais is gá a fháil.
- (10) Moltar do na Ballstáit bearta spriocdhírithe a chur chun feidhme chun tacú le daoine óga ar ioncam íseal, lena n-áirítear mic léinn, atá thíos leis an eisiámh tithíochta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhacainn ar rochtain a fháil ar an ardoideachas, ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, mar aon le tréimhsí oiliúna nó cláir phrintíseachta agus iad a chríochnú. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar na bearta sin:
- (a) líonraí éifeachtacha a chruthú agus a úsáid idir seirbhísí leasa óige agus seirbhísí leasa shóisialta ginearálta chun cuidiú le daoine óga teacht ar réitigh tithíochta leormhaithe a fhreastalaíonn ar a riachtanais teaghlaigh, oideachais agus fostaíochta;
 - (b) soláthar tithíochta inacmhainne do mhic léinn atá gar do shaoráidí oideachais agus oiliúna a mhéadú, lena n-áirítear do mhic léinn ar mhalartuithe soghluaisteachta staidéir nó ar thréimhsí oiliúna thar lear;
 - (c) treoraíocht inrochtana agus tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil chun comhairle agus cúnamh a thabhairt do dhaoine aonair maidir le cearta tionóntachta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear trí lárionaid chomhairleoireachta in institiúidí oideachais;
 - (d) bearta fíoscacha agus maoinithe lena n-áirítear iasachtaí ar ús íseal chun cuidiú le mic léinn agus le daoine óga a bhfuil acmhainní airgeadais teoranta acu tithíocht a aimsiú;
 - (e) bearta spriocdhírithe a dhéanamh chun feabhas a chur ar rochtain ar thithíocht leormhaith agus inacmhainne do dhaoine óga atá i mbaol an eisiámh tithíochta agus atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, iargúlta agus faoi mhíbhuntáiste.

- (11) Moltar do na Ballstáit beartais dhuinelárnacha a chomhcheangal le beartais áitbhunaithe (amhail pleanáil uirbeach agus athghiniúint uirbeach, forbairt eacnamaíoch áitiúil agus beartais iompair) ina gcreataí straitéiseacha náisiúnta chun neamhréireanna idir deiseanna fostaíochta agus tithíocht inacmhainne a sheachaint, go háirithe i limistéir ina bhfuil folúntais fostaíochta gan líonadh.
- (12) Moltar do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun tacú le hoiriúnuithe tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh acu, go háirithe iad siúd atá i mbaol na bochtaineachta. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar a gcumas cónaí ina dtithe chomh fada agus is féidir agus an t-eisiamh tithíochta a sheachaint. Ba cheart na bearta sin a dhearadh chun ualaí díréireacha tógála agus athchóirithe a sheachaint. Leis na bearta sin, cuirtear maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú pobail chun cinn agus seachnaítear socruithe maireachtála leithscartha a chruthú.

FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS RIALACHAS

- (13) Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) sásraí spriocdhírithe agus comhréireacha faireacháin agus meastóireachta a chur i bhfeidhm, bunaithe ar tháscairí toraidh, chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a straitéisí maidir leis an eisiamh tithíochta agus leis an easpa dídine a chomhrac agus foráil a dhéanamh maidir le coigeartuithe beartais i gcás inar gá agus gan an t-ualach riaracháin a mhéadú;
 - (b) tuairisciú don Choimisiún gach 5 bliana maidir le torthaí a gcuid gníomhaíochtaí faireacháin náisiúnta agus maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta i dtaca leis an Moladh seo a chur chun feidhm, agus úsáid á baint as sásraí tuairiscithe atá ann cheana nuair is féidir;
 - (c) rialachas agus comhordú il-leibhéil éifeachtach a áirithiú ar fud na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, mar aon le comhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ollscoileanna, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, fostóirí áitiúla, eagraíochtaí an tsochaí shibhialta agus an gheilleagair shóisialta agus soláthraithe tithíochta;

- (d) creataí dlíthiúla agus riaracháin a shimpliú chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus rochtain thráthúil shimplithe ar thithíocht agus ar sheirbhísí tacaíochta gaolmhara sóisialta, sláinte, oideachais, fostaíochta agus pobalbhunaithe a áirithiú;
- (e) acmhainneacht agus cáilíocht na seirbhísí atá beartaithe chun tacú le daoine atá thíos leis an eisiamh tithíocht a neartú, lena n-áirítear trí oiliúint, leithdháileadh soiléir freagrachtaí agus acmhainní leordhóthanacha don fhoireann a sholáthraíonn na seirbhísí sin;
- (f) i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht beartas chun an t-eisiamh tithíochta agus an easpa dídine a chosc agus a laghdú, rannpháirtíocht fhóinteach daoine a bhfuil taithí saoil acu ar an eisiamh tithíochta agus ar an easpa dídine, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, go háirithe ar an leibhéal áitiúil;
- (g) leanúint den chomhar le Ballstáit eile, chomh maith le páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí ar leibhéal éagsúla chun tacú le comhroinnt eolais, chun foghlaim fhrithpháirteach, seachadadh comhsheasmhach seirbhíse, malartú dea-chleachtas, dearadh agus cur chun feidhme éifeachtach beartais i réimse an eisiaimh tithíochta a chur chun cinn;
- (h) cur go gníomhach le hobair an Ardáin Eorpaigh chun an Easpa Dídine a Chomhrac, mar phríomhfhóram don chomhordú, don mhalartú agus don chomhar i measc na mBallstát, na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, an Choimisiúin Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa, Choiste Eorpach na Réigiún, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear trí chomhroinnt eolais, forbairt fianaise, comhordú beartais, foghlaim fhrithpháirteach agus rochtain ar chistiú a éascú, agus i sineirgíocht le hobair an Choiste um Chosaint Shóisialta agus le sruthanna oibre na Comhghuaillíochta Eorpaí um Thithíocht;
- (i) rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil ról lárnach acu sa chomhrac i gcoinne an eisiaimh tithíochta a chur chun cinn chun a áirithiú go léireoidh beartais an Aontais an saol mar atá ar an láthair, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht daoine a bhfuil taithí saoil acu ar an eisiamh tithíochta.

- (14) Is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) an tArdán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac a éascú agus tacú leis:
 - (i) agus cláir oibre ilbhliantúla á bhforbairt chun tacú leis na Ballstáit na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Mholadh seo a chur chun feidhme;
 - (ii) leanúint dá ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí;
 - (b) athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis an Moladh seo a chur chun feidhme agus tuairisciú don Chomhairle 5 bliana tar éis a ghlactha ar bhonn thuarascálacha na mBallstát;
 - (c) iarrachtaí múscailte feasachta agus cumarsáide a neartú agus scaipeadh torthaí agus samplaí dea-chleachtais a mhéadú, lena n-áirítear maidir le húsáid chistí an Aontais chun dul i ngleic le heisiamh tithíochta, ar leibhéal an Aontais agus i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*